An Phríomh Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

Ráiteas Straitéise 2012-2014

www.cso.ie

© Rialtas na hÉireann 2012

An t-ábhar curtha le chéile agus curtha i láthair
as an bPríomh Oifig Staidrimh.

Is féidr cóipeanna a dhéanamh den ábhar seo ach amháin i gcás tráchtála
chomh fada agus go mbíonn an fhoinse luaite.

ISSN 1393-6921

Prn A12/0571

Clár

Réamhrá 2

Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir 3

Forbhreathnú 5

Príomhthosaíochtaí an CSO 2012 – 2014 8

Misean, Luachanna agus Spriocanna an CSO 9

Sprioc 1 Freastal ar Riachtanais Staidrimh 10

Sprioc 2 Córas Staidrimh na hÉireann a Fhorbairt 11

Sprioc 3 Feasacht agus Úsáid Sonraí a Chur Chun Cinn 12

Sprioc 4 Éifeachtúlacht a Mhéadú 13

Sprioc 5 An tUalach a Laghdú 14

Cur chun feidhme an Plean 15

Réamhfhocal

Cuirim fáilte roimh an Ráiteas Straitéise 2012-2014, arna ullmhú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Leagann sé amach ról tábhachtach na staitisticí oifigiúla chun eolas agus tacaíocht a sholáthar i ndáil lenár dtéarnamh náisiúnta. Táim thar a bheith tógtha le proifisiúntacht an CSO agus fairsinge na faisnéise a soláthraíonn sí. Tá an proifisiúntacht seo léirithe go soiléir ar fud chláir oibre an CSO lena n-airítear bailiú agus próiseáil an Daonáirimh 2011, anuraidh.

Tá faisnéis staidrimh níos tábhachtaí ná riamh cheana, chun cinnteoireacht a threorú agus chun feidhmíocht sóisialta, gheilleagrach agus chomhshaoil ár náisiúin a thomhas. Is iomaí dúshlán atá os comhair staitisteoirí oifigiúla. Tá go leor éileamh nua faoi thionchar beartais ar fhaisnéis staidrimh, ní hamháin iad siúd ag eascairt ón gclár AE/CAI. Ag an am céanna, ní mór don CSO obair laistigh de na srianta acmhainní ginearálta agus a cuid siúd a dhéanamh i ndáil leis an ualach riaracháin a laghdú. Tá áthas orm a thabhairt faoi deara go bhfuil cur chuige comhaontaithe agus comhtháite á ghlacadh de láimh ag an CSO maidir leis na dúshláin chomhcheangailte seo; agus go bhfuil feabhsú leanúnach i gcroílár na straitéise seo.

Tá ról ceannaireachta á ghlacadh ag an CSO i bhforbairt Chórais Staidrimh na hÉireann; agus táthar ag obair i ndlúthchomhar le Ranna agus comhlachtaí poiblí eile chun cur chuige soiléir a chur chun cinn i ndáil le freastal ar riachtanais na sonraí staidrimh agus úsáid staidrimh na sonraí riaracháin a leathnú. Tá an obair seo ina gné ríthábhachtach d'Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí – *éilíonn Rialtas nasctha sonraí nasctha* – agus táim an-sásta tacú leis an CSO i gcur chun cinn an chur chuige comhordaithe seo.

Ar deireadh, ba mhaith liom moladh a thabhairt do na luachanna agus prionsabail a chuireann obair an CSO ar an eolas – go háirithe an soláthar seirbhíse staidrimh neamhspleách agus géilliúlacht na hOifige do na caighdeáin idirnáisiúnta is airde i ndáil le cúrsaí staidrimh. Cinntíonn géilliúlacht do na luachanna agus prionsabail seo go bhfuil seirbhís staidrimh againn a sholáthraíonn ardcháilíocht seirbhíse iontaofa. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann uile an CSO as ucht a gcuid tiomantais i ndáil leis an seirbhís seo a sholáthar agus gach rath a ghuí orthu i ndáil leis an straitéis seo a chur chun feidhme.

Pól Mac Eochaidh TD
Príomh-Aoire an Rialtais agus
Aire Stáit i Roinn an Taoisigh

Réamhrá

Is é seo an séú Ráiteas Straitéise de chuid an CSO agus clúdaíonn sé an tréimhse 2012 go 2014. Thar saolré ár gcúigiú straitéise, ó 2008 i leith, is iomaí athruithe atá tagtha chun cinn inár dtimpeallacht oibriúcháin. Tá an ghéarchéim eacnamaíoch tar éis feasacht a ardú ar fhaisnéis staidrimh mar ionchur bunriachtanach i ndáil le cinnteoireacht iontaofa; agus tá éileamh méadaitheach ar staitisticí agus ar dhearbhú cáilíochta i ndáil le táirgeadh staitisticí.

Mar thosaíocht an CSO go fóill tá seachadadh an phríomhchláir staidrimh bliantúil chun eolas a sholáthar do bheartas náisiúnta agus chun freastal ar oibleagáidí AE agus idirnáisiúnta eile, fad a choinnítear béim láidir ar fheabhsú leanúnach mar shlí chun laghduithe costais a ghnóthú. Sa bhreis ar an bpríomhchlár, tá éilimh thimthriallacha agus nua ar staitisticí os ár gcomhair amach. Is suntasach na n-éileamh iad seo agus, in aeráid ghanntanais, ní mór dúinn cur chuigí nuálaíocha a fhorbairt i ndáil le táirgeadh staitisticí.

Dhá thionscadal tábhachtach sa Ráiteas Straitéise seo iad athbhreithniú na roghanna do Dhaonáireamh 2016 agus claochlú iomlán ár gcórais i ndáil le suirbhéanna teaghlaigh a chur i gcrích, chun freagra éifeachtúil a sholáthar maidir le riachtanais nua na staitisticí sóisialta agus teaghlaigh.

Táimid ag obair ar bhonn méadaithe le comhlachtaí eile mar chuid de Chóras Staidreamh na hÉireann atá níos comhtháite. Chun tacú leis seo, tá cód cleachtais agus caighdeán i ndáil le bailiú, úsáid agus scaipeadh na staitisticí ar fud na seirbhíse poiblí á fhorbairt againn. Príomhghníomhaíocht í seo in Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, a chabhróidh chun an chaoi ina úsáidtear an fhaisnéis staidrimh chun tacú le cinnteoireacht a fheabhsú. Príomhghníomhaíocht í freisin i gcinntiú go bhfreastalaíonn gach eagraíocht in Éirinn a tháirgeann staitisticí oifigiúla ar na caighdeáin a n-éilíonn Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh, a nuashonraíodh agus a leathnaíodh in 2011.

Léiríonn ár ráiteas misin – *Staitisticí: Faisnéis d'Éire* – an fhíric go dtéann ár dtasc i bhfad níos faide ná foilsiú staitisticí amháin. Tá ár gcuid táirgí ar líne de shíor á bhforbairt againn, chun faisnéis a dhéanamh inrochtana agus úsáideach, agus tá ár gclár for-rochtana á leathnú againn chun staitisticí oifigiúla a chur chun cinn agus a mhíniú.

Is dúshlánach an tasc a bheidh i gceist le cur chun feidhme na straitéise seo i gcaitheamh na trí bliana le teacht: ní mór dúinn freastal ar riachtanais reatha agus na todhchaí, costais a laghdú agus an t-ualach a laghdú. Mar sin féin, táim muiníneach ón mbealach dearfach ina bhfuil foireann uile an CSO tar éis aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na trí bliana atá caite, go n-éireoidh linn an straitéis seo don tréimhse 2012 go 2014 a chur chun cinn.

Gearóid Ó hAnluainn

Ard-Stiúrthóir

Forbhreathnú na Straitéise 2012-2014

Sainordú an CSO – an tAcht Staidrimh, 1993

Faoin Acht Staidrimh, 1993, seo a leanas sainordú na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO):

> *"Faisnéis a bhaineann le gníomhaíochtaí agus dálaí eacnamaíocha, sóisialta agus ginearálta sa Stát a bhailiú, a thiomsú, a bhaint amach agus a scaipeadh chun críocha staidrimh."*

Soláthraíonn an tAcht sainordú cuimsitheach i ndáil le staitisticí oifigiúla a bhailiú ar bhonn neamhspleách agus oibiachtúil. Cosnaíonn an tAcht rúndacht na faisnéise arna soláthar don CSO, nach féidir a úsáid ach chun críocha staidrimh; agus ní féidir sonraí rúnda a scaipeadh nó a chumarsáid ar bhealach ar bith eile le tríú páirtithe, lena n-áirítear comhlachtaí nó Ranna Rialtais.

Tá freagracht foriomlán ag an Ard-Stiúrthóir amháin i ndáil le cúrsaí staidrimh gairmiúla (.i. modheolaíochtaí staidrimh, caighdeáin phroifisiúnta, ábhair na n-eisiúintí agus na dtáblaí staidrimh, agus tráthúlacht agus modhanna i ndáil le staitisticí a fhoilsiú.

An Bord Náisiúnta Staidrimh agus Córas Staidrimh na hÉireann

Le comhaontú an Taoisigh, tá an fheidhm ghinearálta de threorú a dhéanamh ar threo straitéiseach foriomlán an CSO ag an mBord Náisiúnta Staidrimh (NSB). Glacann *Straitéis Staitisticí 2009-2014* an bhoird[1] le tuairim "chórais iomláin" de staitisticí oifigiúla, le béim ar ról na staitisticí i ndáil le cinntí beartais eolasacha a dhéanamh agus ar an bhféidearthacht le haghaidh breis úsáide staidrimh na sonraí riaracháin. Cé gur suntasach an dul chun cinn atá déanta, sainaithníonn páipéar seasaimh 2011 an bhoird – *"Córas Staidrimh na hÉireann: An Bealach Chun Cinn[2]"* – roinnt saincheisteanna praiticiúla, eiticiúla agus dlíthiúla nach mór aghaidh a thabhairt orthu d'fhonn éifeacht iomlán a thabhairt do Chóras Staidrimh Éireannaigh.

Athshonraíonn an páipéar fís fadtéarmach don chóras staidrimh, le béim ar na trí réimsí gníomhaíochta seo a leanas sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma:

- Forbairt an infreastruchtúir sonraí riaracháin chun uasmhéadú a dhéanamh ar fhoinsí sonraí infhaighte uile;
- Tabhairt isteach caighdeáin staidrimh phroifisiúnta i ndáil le táirgeadh agus scaipeadh na staitisticí oifigiúla uile;
- Idirdhealú roinnt ábhar imní um chosaint sonraí ar leith atá ann chun srian a chur le réadú iomlán an chumais staidrimh ag foinsí sonraí.

[1] An Bord Náisiúnta Staidrimh - Straitéis Staitisticí 2009-2014
[2] Córas Staidrimh na hÉireann: An Bealach Chun Cinn" agus "Rialtas i gComhar, Faisnéis i gComhar

Bíonn an tseirbhís phoiblí trí chéile mar chuid de na saincheisteanna seo agus tá siad léirithe i bplean an Rialtais d'Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí[3]. Faoin plean athchóirithe, cuirfidh an CSO cur chuige níos comhtháite chun cinn i dtreo réadú cumas staidrimh na sonraí riaracháin ar fud na seirbhíse poiblí, i gcomhréir le ról na hOifige faoin Acht Staidrimh. Forbróidh an CSO cód cleachtais agus caighdeán i ndáil le bailiú, úsáid agus scaipeadh na sonraí staidrimh; déanfar athbhreithniú ar an reachtaíocht reatha chun an scóip a aithint le haghaidh úsáid bhreise na sonraí staidrimh; agus oibreofar i dteannta leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun cur chuigí comhsheasmhacha a chur chun cinn i ndáil le sonraí ar fud na seirbhíse poiblí.

Ag Freastal ar Riachtanais Staidrimh Reatha agus na Todhchaí

An tosaíocht atá againn ná seachadadh an phríomhchláir staidrimh bliantúil, atá ag teastáil le haghaidh beartais náisiúnta agus a éilíonn Rialacháin an AE. I seachadadh an chláir seo, ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag coinneáil béim láidir ar fheabhsú ár gcuid próiseas gnó d'fhonn costais a laghdú. Nuair is féidir, beidh sé mar aidhm againn scóip, tráthúlacht agus cáilíocht ár bpríomh-aschur a fheabhsú.

I dteannta leis an bpríomh-aschur, tá aghaidh á thabhairt againn ar éilimh thimthriallacha agus nua ar staitisticí – i gcás staitisticí maicreacnamaíocha, gnó, comhshaoil agus sóisialta / teaghlaigh. Dúshlán suntasach sna trí bliana le teacht a bheidh i gclaochlú ár gcórais suirbhéireachta teaghlaigh, chun freastal ar riachtanais nua ar bhealach éifeachtach ó thaobh costais de.

Tá díospóireacht ghníomhach faoi chaibidil freisin, ar leibhéal idirnáisiúnta, i ndáil leis na gníomhaíochtaí a leanfaidh ó thuarascáil Stiglitz[4] ar thomhas na feidhmíochta eacnamaíoch agus an dul chun cinn sóisialta. Aithníonn an tuarascáil seo an gá, atá glactha i gcoitinne leis ag Rialtais an AE, le breis sonraí ar inbhuanaitheacht agus folláine, i dteannta le táscairí eacnamaíocha níos traidisiúnta. Tabharfaimid faoi chomhairliúchán leanúnach le príomhúsáideoirí staitisticí, chun sainmhíniú a dhéanamh ar scóip na riachtanas sonraí anseo thuas agus, faoi réir costais, chun aschuir nua a sheachadadh. An chéad chéim in athbhreithniú a dhéanamh ar na roghanna do Dhaonáireamh 2016 ba ea comhairliúchán le húsáideoirí i ndáil le riachtanais sonraí. Déanfaimid measúnú ar an tionchar ar sholáthraithe sonraí atá ag riachtanais staidrimh nua uile agus beidh sé mar aidhm againn úsáid a bhaint as foinsí sonraí eiseacha – lena n-áirítear suirbhéanna agus foinsí sonraí riaracháin eiseacha – nuair is féidir.

Prionsabail agus Luachanna a Threorú

Léiríonn staid neamhspleách an CSO, arna sainmhíniú san Acht Staidrimh, 1993, dea-chleachtas idirnáisiúnta i ndáil le heagrú staitisticí oifigiúla. Tá an CSO tugtha go

[3] Plean Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí
[4] *Tuarascáil an Choimisiúin ar Thomhas na Feidhmíochta Eacnamaíoch agus an Dul Chun Cinn Sóisialta*

hiomlán do *Phrionsabail Bhunúsacha um Staitisticí Oifigiúla na NA*[5] agus do *Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh*[6]. I gcaitheamh ár gcuid oibre, cloímid leis an sé phríomhluach seo a leanas, bunaithe ar na prionsabail idirnáisiúnta:

- Proifisiúntacht staidrimh
- Neamhspleáchas agus Ionracas
- Meas ar rúndacht staidrimh
- Seirbhís thar barr dár gcustaiméirí
- Meas ar ár soláthraithe sonraí
- Luach ar airgead.

Rinneadh Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh a nuashonrú in 2011, i gcomhréir le breis béime ag leibhéal an AE ar fhíorú na cáilíochta agus na gcaighdeán de chórais staidrimh náisiúnta. Baineann an cód le hoifigí staidrimh náisiúnta, ach le Ranna agus comhlachtaí stáit eile freisin a sholáthraíonn staitisticí oifigiúla ó shuirbhéanna nó ó fhoinsí eile.

Is céim thábhachtach dá bharr sin í forbairt an CSO ar an gcód cleachtais agus caighdeán le haghaidh sonraí staidrimh i ndáil le hoibleagáidí idirnáisiúnta de Chóras Staidrimh na hÉireann a chomhlíonadh. Beidh géilliúlacht na gcóras staidrimh náisiúnta leis an Cód Cleachtais faoi réir athbhreithnithe, arna chomhordú ag Eurostat, ó thús na bliana 2013.

Ráiteas Misin agus Spriocanna - 2012 go 2014

Léiríonn an ráiteas misin "*Staitisticí: Faisnéis d'Éire*" an chaoi ina úsáidtear staitisticí sa lá atá inniu ann. Laistigh den mhisean foriomlán sin, tá na gníomhaíochtaí sa straitéis seo grúpáilte sna cúig spriocanna ardleibhéil seo a leanas, a chuimsíonn cur chuige comhtháite i ndáil leis na dúshláin ag tabhairt aghaidh ar staitisticí oifigiúla sna trí bliana atá le teacht:

1. Freastal ar Riachtanais Staidrimh
2. Córas Staidrimh na hÉireann a Fhorbairt
3. Feasacht agus Úsáid Sonraí a Chur Chun Cinn
4. Éifeachtúlacht a Mhéadú
5. An tUalach a Laghdú.

[5] Prionsabail Bhunúsacha um Staitisticí Oifigiúla na NA
[6] Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh d'Údaráis Staidrimh Náisiúnta agus Comhphobail

Staitisticí: Faisnéis d'Éire – **Príomhthosaíochtaí an CSO 2012-2014**

Sprioc 1 Freastal ar Riachtanais Staidrimh

Tá sé mar aidhm leis na gníomhaíochtaí faoin sprioc seo ár bpríomhchlár staidrimh bliantúil eiseach a sheachadadh; agus, nuair is féidir, an tráthúlacht agus an cháilíocht a fheabhsú, agus freastal ar éilimh nua ar staitisticí. Leanfaimid orainn ag déanamh athbhreithnithe ar an bpríomhchlár agus ag cur le haitheantas na staitisticí nach bhfuil gá leo níos mó, ag leibhéal an AE.

Sprioc 2 Córas Staidrimh na hÉireann a Fhorbairt

Cuimsíonn an sprioc seo tacaíocht ghairmiúil leanúnach ón CSO d'aonaid staidrimh rannacha; agus cur chuige comhordaithe i ndáil le táirgeadh agus scaipeadh na sonraí staidrimh ar fud na seirbhíse poiblí. Léiríonn sé príomhghnéithe d'Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh a nuashonraíodh le déanaí. Tá ról ceannaireachta á ghlacadh de láimh ag an CSO i ndáil le caighdeáin a fhorbairt le haghaidh sonraí staidrimh agus a scaipeadh i measc na seirbhíse poiblí; agus déanfar athbhreithniú ar an reachtaíocht ábhartha le haithint conas mar is féidir úsáid na sonraí staidrimh a fheabhsú.

Sprioc 3 Feasacht agus Úsáid Sonraí a Chur Chun Cinn

Leanfaimid orainn ag forbairt ár seirbhísí ar líne i ndáil le soláthar na n-eisiúintí agus na dtáblaí staidrimh, chun uasmhéadú a dhéanamh ar infhaighteacht agus úsáid na faisnéise a foilsímid. Tá ár gclár for-rochtana oideachais á leathnú againn freisin chun feasacht staidrimh a chur chun cinn; agus leanfaimid orainn ag eagrú seimineáir rialta chun staitisticí a mhíniú d'úsáideoirí.

Sprioc 4 Éifeachtúlacht a Mhéadú

Tá clár leanúnach d'athbhreithnithe próisis ghnó á chur chun feidhme againn, ionas gur féidir linn leanúint ar aghaidh ag seachadadh ár bpríomhchlár staidrimh ar chostas níos ísle. Beidh tábhacht lenár straitéisí ar Acmhainní Daonna agus Teicneolaíocht na Faisnéise ina leith seo, i dteannta lenár gcur chuige i ndáil le Seirbhísí Comhroinnte. Dúshlán ach go háirithe a bheidh i gclaochlú iomlán ár gcórais suirbhéireachta teaghlaigh, chun freastal ar riachtanais na todhchaí i ndáil le suirbhéanna sóisialta agus teaghlaigh.

Sprioc 5 An tUalach a Laghdú

Táimid ag leanúint ar aghaidh ag cur clár comhtháite um laghdú ualaigh chun feidhme inár gcuid suirbhéanna gnó. Idir 2008 agus 2010, laghdaíomar an t-ualach faoi 18%. Cé nach mbeidh laghduithe na todhchaí chomh mór céanna, leanfaimid orainn ag foilsiú Baraiméadar an Ualaigh Freagartha bliantúil agus ag coinneáil fócas láidir ar laghdú ualaigh. Beidh measúnú na roghanna sonraí agus na dtionchar ar soláthraithe sonraí mar chuid lárnach de phleanáil na suirbhéanna nua.

Achoimre: Misean, Luachanna agus Spriocanna an CSO

Sainordú Dlíthiúil	Caighdeáin Idirnáisiúnta	
An tAcht Staidrimh, 1993	Prionsabail Bhunúsacha um Staitisticí Oifigiúla na NA	Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh

Ráiteas Misin

Staitisticí: Faisnéis d'Éire

Luachanna

Proifisiúntacht staidrimh

Neamhspleáchas agus Ionracas

Meas ar rúndacht staidrimh

Seirbhís thar barr dár gcustaiméirí

Meas ar ár soláthraithe sonraí

Luach ar airgead

Spriocanna Ardleibhéil 2012-2014

1. Freastal ar Riachtanais Staidrimh
2. Córas Staidrimh na hÉireann a Fhorbairt
3. Feasacht agus Úsáid Sonraí a Chur Chun Cinn
4. Éifeachtúlacht a Mhéadú
5. An tUalach a Laghdú

Sprioc 1 Freastal ar Riachtanais Staidrimh

Nithe Insoláthartha	Bearta Aschuir
Príomh-aschuir staidrimh a sheachadadh.	• Foilsiú tráthúil i gcomhréir le Monatóir Tráthúlachta an CSO. • Leanúint ag forbairt scóipe agus cáilíochta ár bpríomh-aschur. • Foilsiú na dtuairiscí uile um Dhaonáireamh 2011 in 2012.[7]
Roghanna a athbhreithniú do Dhaonáireamh 2016.	• Tuairisciú faoi R1/2012 ar roghanna do Dhaonáireamh 2016.
Riachtanais sonraí ag eascairt ó bheartais náisiúnta agus AE agus ón gclár AE/CAI a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu; agus príomhchlár staidrimh a choinneáil faoi athbhreithniú leanúnaigh.	• Comhairliúchán leanúnach le húsáideoirí chun sainiú a dhéanamh ar thionchar na riachtanas sonraí nua i staitisticí maicreacnamaíocha, gnó, comhshaoil agus sóisialta / teaghlaigh. • Gníomhaíochtaí a shainaithint ag eascairt ó thuarascáil Stiglitz ar thomhas na feidhmíochta eacnamaíoch agus an dul chun cinn sóisialta • Faoi réir costas, pleananna a fhorbairt chun freastal ar riachtanais sonraí nua i gcomhréir le Spriocanna 2 go 5. • Leanúint le hathbhreithniú ar an bpríomhchlár agus ag cur le haitheantas na staitisticí nach bhfuil gá leo níos mó, ag leibhéal an AE.
Timthriall suirbhéireachta an PIAAC (Clár an OECD i ndáil le Measúnú Idirnáisiúnta d'Inniúlachtaí na nDaoine Fásta) a thabhairt chun críche.	• Tabhairt chun críche an bhailithe sonraí i R1/2012. • Foilsiú na dtorthaí inchomparáide go hidirnáisiúnta ar litearthacht agus uimhearthacht dhaoine fásta in Éirinn, ag an OECD in 2013.

[7] Sceideal mionsonraithe ag http://www.cso.ie/en/census/census2011reports/

Sprioc 2 Córas Staidrimh na hÉireann a Fhorbairt

Nithe Insoláthartha	Bearta Aschuir
Tacú le hAonaid Staidrimh Rannacha, chun freastal ar riachtanais na faisnéise staidrimh i ndáil le beartas.	• Tacaíocht ghairmiúil leanúnach ón CSO d'aonaid staidrimh.
Cód cleachtais agus caighdeán a fhorbairt i ndáil le bailiú agus úsáid sonraí chun críocha staidrimh ar fud na Seirbhíse Poiblí.	• Cód Cleachtais agus Caighdeán Sonraí a ullmhú faoi Nollaig 2012. • Cúnamh do chomhlachtaí poiblí eile i ndáil cur chun feidhme prionsabal cáilíochta agus neamhchlaontachta staidrimh de chuid Chóid Chleachtais an Staidrimh Eorpaigh le haghaidh staitisticí neamh-CSO. • Foilsiú na cáipéisíochta caighdeánaí ar cháilíocht staidrimh le haghaidh staitisticí neamh-CSO, trí mheán an tsuímh ghréasáin www.statcentral.ie.
Measúnú a dhéanamh ar an dtimpeallacht reachtaíochta do shonraí staidrimh, chun an scóip a aithint le haghaidh úsáid bhreise agus méadaithe sonraí agus aon athruithe reachtaíochta riachtanacha.	• Tuairisciú ar thimpeallacht reachtaíochta do shonraí staidrimh, ag aithint réimsí le haghaidh athraithe ionchais, faoi Nollaig 2012. • Moltaí don athrú reachtaíochta, más infheidhme, le forbairt faoi Meitheamh 2013.
Tacú le cur chuige comhtháite i ndáil le sonraí riaracháin ar fud na Seirbhíse Poiblí, lena n-áirítear cur chun cinn na gcur chuigí comhsheasmhacha d'aitheantóirí, rangúcháin agus sonraí geospásúla / postchóid i bpleanáil agus seachadadh seirbhíse.	• Tacaíocht agus cur chun cinn leanúnach de chaighdeáin na sonraí ar fud na Seirbhíse Poiblí, i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Sprioc 3 Feasacht agus Úsáid Sonraí a Chur Chun Cinn

Nithe Insoláthartha	Bearta Aschuir
Leanúint ag feabhsú struchtúr agus formáid na n-eisiúintí agus na dtáblaí staidrimh ar www.cso.ie.	• Formáid nua seachadta ar líne i ndáil le heisiúintí agus táblaí staidrimh i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2012. • Seachadadh na dtuairiscí téamacha ar líne. • Tráchtaireacht inrochtana agus cur i láthair amhairc méadaithe na dtorthaí staidrimh.
Beartas Sonraí Oscailte a fhorbairt i ndáil le staitisticí foilsithe uile ar www.cso.ie agus www.statcentral.ie, chun uasmhéadú a dhéanamh ar infhaighteacht agus úsáid na faisnéise staidrimh.	• Táblaí staidrimh uile an CSO a fhoilsiú ar sciar *StatBank* de chuid www.cso.ie – clúdach iomlán faoin mbliain 2014. • Úsáidí Sonraí Oscailte de chuid *StatBank* a mhonatóiriú agus a chur chun cinn.
Úsáid na sonraí staidrimh i dtaighde geilleagrach agus sóisialta a chur chun cinn agus a leathnú.	• Córas ar líne a fhorbairt le haghaidh cian rochtain slán chun críocha taighde, le linn 2012. • Comhpháirtíocht seachtrach a fhorbairt d'úsáid taighde na sonraí.
Clár for-rochtana a leathnú chun feasacht staidrimh a chur chun cinn san earnáil oideachais.	• Tionscadal bliantúil Census@School. • Bonn John Hooper, comórtas póstaeir staidrimh ag an dara leibhéal. • Urraíocht an CSO de Scoláireacht Dhónal Mhic Cárthaigh, scoláireacht iarchéime i staitisticí i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. • Dioplóma Proifisiúnta ar Staitisticí Oifigiúla a sheoladh, leis an IPA.
Beartas na meán sóisialta a fhorbairt i ndáil le cur chun cinn na staitisticí oifigiúla.	• Beartas na meán sóisialta a fhorbairt in 2012. • Beartas a chur chun feidhme faoi dheireadh na bliana 2012.
Seimineáir rialta a reáchtáil ar úsáid na faisnéise staidrimh sa rialtas, i ngnó agus sa sochaí.	• Clár bliantúil seimineár agus comhdhálacha. • Coimrí staidrimh do phríomheagraíochtaí seachtracha. • Seimineáir a reáchtáil mórthimpeall na hÉireann ar thorthaí Daonáirimh 2011.

Sprioc 4 Éifeachtúlacht a Mhéadú

Nithe Insoláthartha	Bearta Aschuir
Clár rollta d'athbhreithnithe próisis ghnó, ag úsáid *Lean Six Sigma* agus modheolaíochtaí eile.	• Clár rollta bliantúil d'athbhreithnithe próisis ghnó a chur chun feidhme. • Tionchair a thomhas ar feabhsú tráthúlachta agus costais an táirgthe staidrimh.
Córas na suirbhéanna teaghlaigh a chlaochlú chun freastal ar riachtanais sonraí na todhchaí ar shaincheisteanna sóisialta.	• Plean claochlaithe, le roghanna costais, faoi R1/2012. • Córas suirbhéireachta nua i bhfeidhm ó R3/2014.
Straitéis AD a fhorbairt agus a chur chun feidhme.	• Straitéis AD comhaontaithe a ullmhú faoi R1/2012. • Beartais AD a chur chun feidhme chun tacú le scileanna agus inniúlachtaí atá de dhíth ar sheirbhís staidrimh nua-aimseartha. • Freastal ar spriocanna ECF i ndáil le laghdú céimnithe an tseomra foirne.
Straitéis TF a chur chun feidhme.	• Cur chun feidhme leanúnach na Straitéise TF 2010-2012, i gcomhréir le tosaíochtaí feabhsaithe gnó an CSO. • Straitéis TF nuashonraithe a ullmhú in 2012, chun ailíniú leanúnach le riachtanais todhchaíocha an CSO a chinntiú. • Córas tiomsaithe TF na gCuntas Náisiúnta a uasghrádú.
Réitigh seirbhísí comhroinnt a chur chun feidhme nuair atá a leithéid ar fáil agus iomchuí do riachtanais an CSO.	• Aistrigh an párolla go príomhchóras na státseirbhíse faoi dheireadh na bliana 2012. • Aistrigh go córas bainistíochta airgeadais na Státseirbhíse faoi dheireadh na bliana 2013. • Aistrigh go seirbhís chomhroinnt AD i gcomhréir le tráthchlár forfheidhmithe D/PER.

Sprioc 5 An tUalach a Laghdú

Nithe Insoláthartha	Bearta Aschuir
Measúnú ar roghanna agus tionchair i ndáil le riachtanais staidrimh nua uile – idir theaghlaigh agus ghnó.	• Measúnú sa phróiseas pleanála suirbhéireachta i ndáil le suirbhéanna uile na hearnála teaghlaigh agus gnó. • I ndáil le riachtanais staidrimh nua uile, an scóip a aithint i ndáil le húsáid na bhfoinsí eiseacha, idir staidrimh nó riaracháin, in áit bailiúcháin sonraí nua.
An sprioc laghdaithe ualaigh ar ghnó 2007-2012 de 25% a chomhlíonadh.	• Foilsiú bliantúil de Bharaiméadar Ualaigh Freagartha an CSO le haghaidh staitisticí gnó. • Clár gníomhaíochta leanúnach chun an t-ualach freagartha a bhainistiú agus a laghdú. • Athbhreithniú ar roghanna um laghdú ualaigh *Intrastat*, i gcomhar le Eurostat.
Leanúint le hathchothromú na bhfoinsí sonraí staidrimh ó pháipéar traidisiúnta i dtreo r-fhoirmeacha agus athúsáid sonaí eiseacha.	• Líon na suirbhéanna ag soláthar rogha r-fhoirmeacha. • Líon / céatadán na bhfreagróirí ag baint úsáide as rogha na r-fhoirmeacha. • Líon suirbhéanna a dtugtar ar ais bunaithe ar athúsáid na sonraí eiseacha, seachas ar bhailiú díreach. • Bíodh bailiú idirlíon-bhunaithe san áireamh in athbhreithniú na roghanna i ndáil le Daonáireamh 2016 (Sprioc 1).

Conas mar a chuirfimid an straitéis seo chun feidhme

Plean Forfheidhmithe

Sa Phlean Forfheidhmithe don straitéis seo leagfar amach, i ndáil le gach pointe gníomhaíochta faoin gcúig sprioc ardleibhéil, an t-úinéir freagrach laistigh den CSO, tráthchlár na gníomhaíochta, agus faisnéis ar dhul chun cinn go dtí seo. Déanfaidh Coiste Bainistíochta Sinsearaí an CSO monatóireacht gach mí ar an dteimpléad tuairiscithe seo, chun a chinntiú go bhfuil dul chun cinn i gcomhréir leis an straitéis; agus cruthófar an bonn freisin de thuarascáil bhliantúil na straitéise.

Pleananna Gníomhaíochta Rannacha (DAPanna)

Ar leibhéal níos mionsonraí, tá struchtúir pleanála inmheánacha an CSO ailínithe leis an straitéis. I mí na Nollaig 2011, nuashonraíodh an Plean Gníomhaíochta Rannach (DAP) chun léargas a thabhairt ar spriocanna ardleibhéil na tréimhse 2012 go 2014. Buaileann an Coiste Bainistíochta Sinsearaí le gach Ceann Roinne dhá uair sa bhliain, i mí na Nollag agus i mí an Mheithimh, chun a chinntiú go bhfuil pleananna rannacha á mbaint amach agus go bhfuil siad ag cur, ar bhonn comhordaithe, leis an straitéis trí chéile.

Comhtháthú le pleananna um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

Tá an Ráiteas Straitéise seo ailínithe go dlúth freisin leis na pleananna d'Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí; agus leanfaimid orainn ag déanamh monatóireachta agus ag tuairisciú ar dhul chun cinn faoi na creatlaí seo a leanas:

- Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí – Plean Seachadta um Athchóiriú Comhtháite an CSO
- Comhaontú Pháirc an Chrócaigh – Plean Gníomhaíochta an CSO
- Plean Gníomhaíochta an Chláir Athbhreithnithe Eagraíochtúil (ORP).